
# Iníon

## Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha






Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Iníon

Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha



**Filíocht Ainmnithe (30 marc)**

**Iníon**

(i) ‘Tá fearg agus frustrachas iníon an fhile le feiceáil go soiléir sa dán Iníon thíos.’ É sin a phlé. (15 mharc)

(ii) Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort? (Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

**Filíocht Ainmnithe (30 marc)**

**Iníon**

(i) ‘Is dán faoi ghrá teaghlaigh é an dán Iníon (thíos)’. É sin a phlé. (15 mharc)

(ii) Déan plé ar íomhá amháin ón dán a thaitin leat agus cén fáth. (6 mharc)

(iii)Cén éifeacht atá ag úsáid an dara pearsa sa dán seo? (9 marc)

Foghlaim TG4



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Iníon

Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha


**Filíocht Ainmnithe (30 marc)**

**Iníon**

(i) Céard é príomhthéama an dáin Iníon (thíos), dar leat? Déan plé ar na híomhánna a úsáideann an file sa dán chun an príomhthéama sin a léiriú. (15 mharc)

(ii) Cén chaoi a léiríonn an file gur duine machnamhach í sa dán seo? (Is leor pointe amháin eolais mar thacaíocht le do fhreagra) (6 mharc)

(iii) Déan plé ar dhá cheann de na teicnící fileata seo a úsáideann an file sa dán seo: athrá, caint dhíreach, codarsnacht, comparáid. (9 marc)



# Iníon

Freagraí Samplacha


**Déan plé ar léiriú an ghrá sa dán 'Iníon'.**

Mar a deir Áine Durkin, is dán faoi 'g[h]rá teaghlaigh' é an dán seo. Léirítear sa dán seo an frustrachas a bhaineann, amanta, le caidreamh grámhar. Ní bhíonn caidreamh ar bith gan easaontú ná aighneas ach léiríonn an file go sáraíonn an grá na dúshláin sin i gcónaí. Tá frustrachas le feiceáil ag tús an dáin agus iníon an fhile ag caoineadh. Tá 'deora' ina súile agus í crosta lena máthair. Tugann sí 'ráiteas gontach searbh' uaithi agus iompaíonn sí ón bhfile 'le fearg'. Ní hé nach bhfuil grá ag iníon an fhile dá máthair ach tá deacrachtaí sa chaidreamh toisc go bhfuil an iníon ag lorg níos mó saoirse agus tá an file ag iarraidh í a chosaint ó bhaol.


Tá grá le feiceáil agus an file ag cuimhneamh ar a hiníon agus ar a máthair féin. Tá an-ghrá ag an bhfile dá máthair, a 'chuir cosa i dtaca' roimpi agus í ina déagóir. Tuigeann an file anois go raibh 'ciall' ag a máthair, nach 'óinseach cheart' a bhí inti, agus go raibh sí ag iarraidh aire a thabhairt di, díreach mar atá sí ag iarraidh aire a thabhairt dá hiníon féin. Tá grá le feiceáil agus an file ag cuimhneamh siar ar a hóige agus an grá a léirigh a máthair di, i ngan fhios di. Agus í ina bean fhásta anois, feiceann an file an grá sin ar bhealach níos soiléire.

# Iníon

Freagraí Samplacha



Léiríonn an file, ag deireadh an dáin, go bhfuil an-ghrá go deo aici dá hiníon agus go sáraíonn an grá gach easaontas agus gach achrann atá agus a bheidh eatarthu. Léiríonn sí an grá sin di nuair a deir sí go dtuigeann sí cás a hiníne. ‘Tuigim duit, a chroí’ a deir sí agus í ag dearbhú a grá di ‘níl aon lá nár mhéadaigh mo ghrá/ó tháinig tusa ar an saol’. In ainneoin na hargóna agus na ndeacrachtaí atá eatarthu, beidh grá acu dá chéile go deo.



# Iníon

Freagraí Samplacha

**Déan plé ar mhothúchán amháin a músclaíodh ionat agus an dán 'Iníon' á léamh agat.**

Thaitin an dán 'Iníon' le hÁine Durkin go mór liom ar an iliomad cúiseanna. Ar dtús, is déagóir mé agus is cailín mé. Aithním frustrachas agus fearg na hiníne sa chéad véarsa. '"Níl clue a'd, Mom!'" Is iomaí argóint a bhí agam le mo thuismitheoirí agus thug mé 'ráiteas gontach searbh' uaim go minic le linn na n-argóintí sin. Tá an-ghrá agam do mo thuismitheoirí ach, mar aon leis an iníon sa dán seo, lig mé don fhearg agus don fhrustrachas an ceann is fearr a fháil orm.

Músclaíodh trua ionam agus mé ag léamh an dáin seo dá bharr. Bhí an-trua agam don iníon sa dán mar aithním go bhfuil frustrachas agus fearg uirthi. Bhí trua agam don mháthair freisin, áfach. Bhí trua agam di agus í ag cuimhneamh ar a hóige agus í ina 'déagóir meidhreach cool' cosúil lena hiníon ach gur cheap sí gur 'óinseach cheart' a máthair freisin. Tá áiféala ar an bhfile anois gur chaith sí go dona lena máthair agus tuigeann sí 'ciall na máthar' sin anois. Tá sé truamhéalach nár thuig an file sin go dtí go raibh sí ina máthair í féin.

# Iníon
Freagraí Samplacha


Ar deireadh, músclaíodh trua ionam don fhile toisc go bhfuil sí ag iarraidh an caidreamh lena hiníon a leigheas 'bhuel, tuigim duit, a chroí,/ach níl aon lá nár mhéadaigh mo ghrá/ó tháinig tusa ar an saol'. Cuireann an t-aighneas eatarthu as go mór don fhile agus ní thaitníonn sé léi a bheith ag argóint lena hiníon. Tá trua agam di dá bharr.

**'Is dán faoi chaidrimh é an dán seo'. É sin a phlé.**

Is dán an-chliste é seo a chaitheann spotsholas ar chaidreamh leochaileach agus ar na deacrachtaí a bhíonn i ngach caidreamh. Baineann an dán seo le máthair agus iníon. De ghnáth samhlaítear caidreamh idir máthair agus páiste mar rud álainn agus suaimhneach ach sa dán seo iompaíonn an file an coincheap sin bun os cionn. Léiríonn sí an t-aighneas, an t-achrann agus an choimhlint atá i ngnáthchaidreamh agus gur rud nádúrtha, folláin agus macánta é sin. Tá 'deora' i súile a hiníne, tugann sí 'ráiteas gontach searbh' uaithi agus iompaíonn sí óna máthair 'le fearg'. Agus an file ag cuimhneamh ar a máthair féin fiú agus í 'ina déagóir meidhreach cool', deir sí gur cheap sí gur 'óinseach cheart' í toisc gur chuir sí 'cosa i dtaca' roimpi.

# Iníon

Freagraí Samplacha



Léiríonn an dán seo nach mbíonn aon chaidreamh éasca nó gan stró. Tá dua ag baint le caidreamh grámhar agus bíonn ar dhaoine a bheith tuisceanach, foighneach agus cineálta lena chéile uaireanta. Léiríonn an file gur máthair thuisceanach í nuair a shamhlaíonn sí í féin agus í ina 'déagóir'. Níor réitigh sí go maith lena máthair féin, an t-am sin, rud a chuidíonn léi cás a hiníne a thuiscint. Tuigeann sí 'ciall na máthar' sin agus tuigeann sí a hiníon féin. Léiríonn an file gur féidir tréimhsí achrannacha i gcaidreamh a shárú ach grá agus foighne a bheith agat don duine eile.



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Iníon

Freagraí Samplacha

# Idir na Línte

Foghlaim TG4

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta